


# Mica

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thithe a bhfuil mica iontu i gContae Dhún na nGall. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

councillor	_____
social housing	_____
independent	_____
correspondence	_____
Freedom of Information Act	_____
municipal authority	_____
allegation	_____
confrontation	_____
to terminate the meeting	_____
at the request of	_____
compensation package	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.



## Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cuir d'achoirne i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

## Ceist 3

Cúrsaí canúna

1. Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin? Aimsigh cúpla sampla ón mír a chuireann an chanúint sin in iúl.
2. An bhfuil mórán cur amach agat ar an gcanúint sin?
3. Samhlaigh go bhfuil tú ag caint le duine agus nach dtuigeann tú mórán atá á rá acu. Cad iad na frásaí a d'úsáidfeá chun do mhíthuiscint a chur in iúl?

4. Scríobh amach na samplaí thíos ón mír i do chanúint féin:

ag an chomhairleoir: \_\_\_\_\_  
an mhí seo a chuaigh thart: \_\_\_\_\_  
ón Chomhairle: \_\_\_\_\_  
go fóill: \_\_\_\_\_

#### Ceist 4 An séimhiú

Féach ar script Ailbhe Uí Mhonycháin. Tá ocht séimhiú fágtha ar lár. Líon isteach anois iad.

Seo cuid de na comhaid chomhfhreagrais atá faighte ag an chomhairleoir neamhspleách, Frank McBrearty, i nDún na nGall faoi tithe a cheannaigh an Comhairle do thithíocht shóisialta in Inis Eoghain idir 2018 agus 2021. D'iarr an comhairleoir McBrearty iad faoin Acht um Saoráil Faisnéise. Deir sé go léiríonn tuairiscí innealtóireachta go raibh mica i gcuid de na tithe sular ceannaíodh iad. Deir sé fosta go raibh seo ar eolas ag comhairleoirí bardas Bun Cranncha agus Charn Domhnach. Rinne nuacht iarracht seo a shoiléiriú inniu. Dúirt an comhairleoir, Terry Crossan, ó Shinn Féin nach raibh a fhios aigesean ná ag comhairleoir ar bith eile óna páirtí go raibh mica i dtithe a cheannaigh an Chomhairle. Dúirt sé nach bhféadfadh an comhairleoir McBrearty a leithéid de líomhain a chruthú.

Bhí achran idir comhairleoir McBrearty agus Cathaoirleach na Comhairle, an comhairleoir Jack Murray ó Shinn Féin ag cruinniú den Comhairle an mhí seo a chuaigh thart. Agus, b'éigean an cruinniú a scor nuair a dhiúltaigh an comhairleoir McBrearty an cruinniú a fhágáil ar iarratas Jack Murray. Níl ráiteas ar bith ón Chomhairle féin maidir leis na líomhaintí is déanaí seo ó Frank McBrearty.

Idir an dá linn, dúirt an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue ó Fianna Fáil i nDún na nGall go bhfuil seisean go súil go gcuirfidh an rialtas pacáiste iomlán cúitimh ar fáil d'úinéirí tithe a bhfuil mica iontu. Tá moill roinnt seachtaine ar fhógra an rialtais cheana féin, ach deir an tAire McConalogue inniu, go bhfuil an obair ar bun go fóill ar sonraí na scéime cúitimh agus go gcuirfear os comhair an rialtais é gan mhoill.

#### Ceist 5 '...ceannaíodh...'

Ar ceannaíodh...? Ceannaíodh / Níor ceannaíodh

Seo thíos an fhoirm cheisteach den saorbhriathar san aimsir chaite – na briathra neamhrialta.

an rabhthas...?	<i>bhíodhas</i>
an ndúradh...?	_____
ar rugadh...?	_____
ar chualathas...?	_____
an ndearnadh...?	_____
an bhfuarthas...?	_____
an bhfacthas...?	_____
ar itheadh...?	_____
ar tugadh...?	_____
ar thángthas...?	_____
an ndeachthas...?	_____

1. Breac síos gnáthfhoirm an tsaorbhriathair san aimsir chaite i ngach cás.
2. Cuir gach sampla den saorbhriathar a bhreacann tú síos in abairtí lena mbrí a léiriú.

**Ceist 6**

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil mórán ar eolas agat faoin scéal seo? Cén fáth?
2. Ar scríobh tú litir nó ríomhphost chuig polaiteoir riamh? Cén fáth?
3. Ar mhaith leat a bheith i do pholaiteoir? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

councillor	<i>comhairleoir</i>
social housing	<i>tithíocht shóisialta</i>
independent	<i>neamhspleách</i>
correspondence	<i>comhfhreagras</i>
Freedom of Information Act	<i>an tAcht um Shaoráil Faisnéise</i>
municipal authority	<i>bardas</i>
allegation	<i>líomhain</i>
confrontation	<i>achrann</i>
to terminate the meeting	<i>an cruinniú a scor</i>
at the request of	<i>ar iarratas</i>
compensation package	<i>pacáiste cúitimh</i>

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

1. Tá canúint Uladh ag Ailbhe Ó Monacháin. Samplaí den chanúint sin – ag an **chomhairleoir**, fosta, ar bith, seo a chuaigh thart, ón **Chomhairle**.
2. Tuairimíocht atá i gceist.
3. 'Tá brón orm, ní thuigim thú'. 'Gabh mo leithscéil, abair arís é'. 'Abair sin arís, le do thoil'. 'Ar mhiste leat é sin a rá arís?'. 'An féidir leat labhairt níos moille?'
4. Mar shampla:

ag an chomhairleoir:	ag an gcomhairleoir (An Córas Lárnach)
an mhí seo a chuaigh thart:	an mhí seo caite
ón Chomhairle:	ón gComhairle (An Córas Lárnach)
go fóill:	fós

### Ceist 4

Seo cuid de na comhaid chomhfhreagrais atá faighte ag an chomhairleoir neamhspleách, Frank McBrearty, i nDún na nGall faoi **th**ithe a cheannaigh an **Ch**omhairle do thithíocht shóisialta in Inis Eoghain idir 2018 agus 2021. D'iarr an comhairleoir McBrearty iad faoin Acht um **S**haoráil Faisnéise. Deir sé go léiríonn tuairiscí innealtóireachta go raibh mica i gcuid de na tithe sular ceannaíodh iad. Deir sé fosta go raibh seo ar eolas ag comhairleoirí bhargas **B**hun Cranncha agus Charn Domhnach. Rinne *Nuacht* iarracht seo a shoiléiriú inniu. Dúirt an comhairleoir, Terry Crossan, ó Shinn Féin nach raibh a fhios aigesean ná ag comhairleoir ar bith eile óna **p**háirtí go raibh mica i dtithe a cheannaigh an Chomhairle. Dúirt sé nach bhféadfadh an comhairleoir McBrearty a leithéid de líomhain a chruthú.

Bhí achrann idir comhairleoir McBrearty agus Cathaoirleach na Comhairle, an comhairleoir Jack Murray ó Shinn Féin, ag cruinniú den **Ch**omhairle an mhí seo a chuaigh thart agus b'éigean an cruinniú a scor nuair a dhiúltaigh an comhairleoir McBrearty an cruinniú a fhágáil ar iarratas Jack Murray. Níl ráiteas ar bith ón Chomhairle féin maidir leis na líomhaintí is déanaí seo ó Frank McBrearty.

Idir an dá linn, dúirt an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue, ó **F**hianna Fáil i nDún na nGall go bhfuil seisean ag súil go gcuirfidh an rialtas pacáiste iomlán cúitimh ar fáil d'úinéirí tithe a bhfuil mica iontu. Tá moill roinnt seachtaine ar fhógra an rialtais cheana féin, ach deir an tAire McConalogue inniu, go bhfuil an obair ar bun go fóill ar **s**honraí na scéime cúitimh agus go gcuirfear os comhair an rialtais é gan mhoill.

### Ceist 5

an ndúradh...?	dúradh
ar rugadh...?	rugadh
ar chualathas...?	chualathas

an ndearnadh...?	rinneadh
an bhfuarthas...?	fuarthas
an bhfacthas...?	chonacthas
ar itheadh...?	itheadh
ar tugadh...?	tugadh
ar thángthas...?	thángthas
an ndeachthas...?	chuathas

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt nó tríúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Siún Nic Gearailt**

Anois, deir comhairleoirí Shinn Féin in Inis Eoghain, i dtuaisceart Dhún na nGall, nach raibh a fhios acu go raibh mica i dtithe a cheannaigh an Chomhairle Contae sa cheantar sin don tithíocht shóisialta. Chuir an comhairleoir neamhspleách, Frank McBrearty, i leith chomhairleoirí na mbardas in Inis Eoghain go rabhadar ar an eolas go raibh mica sna tithe nuair a ceannaíodh iad idir 2018 agus 2021.

### **Ailbhe Ó Monacháin**

Seo cuid de na comhaid chomhfhreagrais atá faighte ag an chomhairleoir neamhspleách, Frank McBrearty, i nDún na nGall faoi thithe a cheannaigh an Chomhairle do thithíocht shóisialta in Inis Eoghain idir 2018 agus 2021. D'iarr an comhairleoir McBrearty iad faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Deir sé go léiríonn tuairiscí innealtóireachta go raibh mica i gcuid de na tithe sular ceannaíodh iad. Deir sé fosta go raibh seo ar eolas ag comhairleoirí bhardas Bhun Cranncha agus Charn Domhnach. Rinne *Nuacht* iarracht seo a shoiléiriú inniu. Dúirt an comhairleoir Terry Crossan ó Shinn Féin nach raibh a fhios aigesean ná ag comhairleoir ar bith eile óna pháirtí go raibh mica i dtithe a cheannaigh an Chomhairle. Dúirt sé nach bhféadfadh an comhairleoir McBrearty a leithéid de líomhain a chruthú.

Bhí achrann idir comhairleoir McBrearty agus Cathaoirleach na Comhairle, an comhairleoir Jack Murray ó Shinn Féin, ag cruinniú den Chomhairle an mhí seo a chuaigh thart agus b'éigean an cruinniú a scor nuair a dhiúltaigh an comhairleoir McBrearty an cruinniú a fhágáil ar iarratas Jack Murray. Níl ráiteas ar bith ón Chomhairle féin maidir leis na líomhaintí is déanaí seo ó Frank McBrearty.

Idir an dá linn, dúirt an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue, ó Fhianna Fáil i nDún na nGall go bhfuil seisean ag súil go gcuirfidh an rialtas pacáiste iomlán cúitimh ar fáil d'úinéirí tithe a bhfuil mica iontu. Tá moill roinnt seachtaine ar fhógra an rialtais cheana féin, ach deir an tAire McConalogue inniu go bhfuil an obair ar bun go fóill ar shonraí na scéime cúitimh agus go gcuirfear os comhair an rialtais é gan mhoill.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, i gContae Dhún na nGall.